# dlr times

GEIMHREADH 2020



CLÁR ÁBHAR

Solas & Áthas na Nollag

Comhairliúchán Aoisbháúil

Ceolchoirm na Soilse le haghaidh Ghrianstad an Gheimhridh

# Eagrán Speisialta faoi Bhuiséad 2021

dlr
Comhairle Contae County Council

EOLAS AGUS NUACHT Ó CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

# clár ábhar


BUISÉAD CHOMHAIRLE dlr 2021 ............. 03

FAISNÉIS DON PHOBAL dlr

Soilse na Nollag de chuid dlr ............. 04

Téigh ag Siopadóireacht go hÁitiúil,
Cliceáil go hÁitiúil ............. 04

Straitéis Aoisbháúil dlr 2021–26 ............. 04

EAGRÁN SPEISIALTA FAOI BHUISÉAD NA COMHAIRLE ............. 05

Ioncam Bhuiséad 2021 ............. 06

Caiteachas Bhuiséad 2021 ............. 07

Tionscnaimh Nua & Figiúirí Ceannlíne ............. 08

PRÓIFÍL FOIRNE dlr

Vanessa O'Donnell ............. 09

NUACHT DLR

sáraíonn dlr spriocanna maidir
le carbón a laghdú ............. 10

Dréachtphlean Forbartha an Chontae ............. 10

IMEACHTAÍ EALAÍON & LEABHARLANNA dlr

Scríbhneoir Cónaithe dlr ............. 11

Cuairt agus Cultúr ............. 11

Turais Ionchuimsitheacha ar Líne do
Dhaoine a bhFuil Néaltrú orthu ............. 11

Ceolchoirm na Soilse de chuid dlr ............. 11

DO CHOMHAIRLEOIRÍ dlr ............. 12



## Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, Éire.
A96 K6C9

**TEILEAFÓN:** 01 205 4700

**RÍOMHPHOST:** info@dlrcoco.ie

-

**Oifig Ceantair Áitiúil Dhún Droma**

Páirc Oifige Dhún Droma, An tSráid Mhór, Dún Droma, D14

Luan – Aoine 9:30am go 12:30pm agus 1:30pm go 4:30pm

**TEILEAFÓN:** 01 205 4880

**RÍOMHPHOST:** info@dlrcoco.ie

www.dlrcoco.ie

www.dlrtourism.ie | www.events.dlrcoco.ie
www.libraries.dlrcoco.ie



Arna phriontáil in Éirinn ar pháipéir a fuarthas go hinbhuanaithe. Athchúrsáil i ndiaidh úsáide.

Arna dhearadh ag dlr


@dlrcc    dlrcoco.ie

DunLaoghaireRathdownCountyCouncil

Más maith leat **dlr times** a fháil ar ríomhphost, déan teagmháil linn: **commsoffice@dlrcoco.ie**



## Teachtaireacht ón gCathaoirleach

*Clúdaítear i leagan an Gheimhridh de dlr Times an glacadh le Buiséad na Comhairle don bhliain 2021 agus tarraingítear aird ann ar réimse imeachtaí difriúla agus míreanna nuachta ó áiteanna ar fud an chontae. Ba bhliain dhúshlánach é 2020 agus tá paindéim COVID tar éis cur isteach ar sheirbhísí agus ar airgeadas na Comhairle i rith na bliana. Ina ainneoin sin, cinnteofar i mBuiséad 2021 go leanfaidh an Chomhairle uirthi ag cur leibhéal ard seirbhísí ar fáil ar fud an chontae.*

*Cuirfidh an Chomhairle na mílte solas suas ar fud an Chontae an Nollaig seo agus cuireadh 'Crann Dóchais' an-speisialta i bPáirc Mharlaí. San eagrán seo, gheobhaidh tú go leor eolais ar rudaí amhail an tsiúlóid soilsithe foraoise i bPáirc Mharlaí, Margaí Fíorúla na Nollag, na háiteanna a bhfuil Boscaí Poist Dhaidí na Nollag ann ar fud an chontae agus Vlag nua Dhaidí na Nollag.*

*Mar fhocal scoir, ba mhaith liom iarraidh ar gach duine cabhrú lenár ngnólachtaí áitiúla i mbliana ach siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil nuair is féidir.*
*Nollaig Shona agus Athbhliain faoi Mhaise daoibh ar fad.*

**AN CLR UNA POWER**



## Teachtaireacht ó Phríomh-fheidhmeannach dlr

*Táimid ag teacht i dtreo dheireadh na bliana seo a bhí thar a bheith aisteach dúinn ar fad – bliain a bhí lán le dúshlán, caillteanas agus cur isteach ar ghnáth-rithimí an tsaoil. D'athraigh COVID-19 go leor rudaí ach níor athraigh rud amháin le linn an ama sin – rud a thug misneach, teacht aniar agus solas dúinn ar fad – agus ba é sin spiorad an phobail atá againn i ngach ceantar sa chontae. Nuair a bhí rudaí an-deacair ar fad, d'fhreagair eagraíochtaí agus daoine aonair an glaoch agus chinntigh siad nár ligeadh aon duine i ndearmad.*

*Léirigh an Chomhairle solúbthacht agus cumas maidir le rudaí a chur in oiriúint agus a bheith nuálach i láthair na ndeacrachtaí. Leathnaíodh rotharbhealaí agus cosáin, rud a thug bealaí chun an bhaile agus chun na scoile do dhaoine nuair a bhí srian ar an gcóras iompair phoiblí. Tá athrú ó bhonn á dhéanamh ar lár ár mbailte agus ár sráidbhailte agus tá níos mó spáis, suíochán agus plandaí á gcur iontu. Is áiteanna iad a bhfuil daoine ag iarraidh am a chaitheamh iontu anois agus tugann sé seo custaiméirí riachtanacha isteach i miondíoltóirí, caiféanna agus bialanna áitiúla.*

*Beidh an glacadh le Buiséad 2021 ag na Comhairleoirí ríthábhachtach chun leanúint de sheirbhísí a chur ar fáil don phobal agus leanúint dá bhforbairt. Tá sé seo níos tábhachtaí fós, agus muid ag obair le pobail áitiúla, ag tacú le gnólachtaí áitiúla, ag feabhsú an réimse phoiblí agus na spásanna ar féidir cónaí iontu, agus ag cosaint an chomhshaoil. Tiocfaimid ar ais níos láidre agus níos fearr ná riamh.*

*Is féidir tuilleadh a léamh ar an mbuiséad san eagrán seo de dlr Times. Ba mhaith liom, mar a rinne an Cathaoirleach, Nollaig shíochánta agus Athbhliain shláintiúil agus dhóchasach a ghuí oraibh ar fad.*

**PHILOMENA POOLE**

## Aonaigh na Comhairle Contae

**PÁIRC AN PHOBAIL & DLR LEXICON,** Dún Laoghaire

Domhnach 11am-4pm

**PÁIRC MHARLAÍ**
Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16

Satharn 10am-4pm & Domhnach 11am-4pm

## UIMHREACHA TEILEAFÓIN ÉIGEANDÁLA

| | |
|---|---|
| **Lasmuigh de Ghnáthuaireanta:** [i ndiaidh 5pm + deirí seachtaine] | 01 677 8844 |
| **Daoine gan Dídean:** [seirbhísí iar-ama] | 1800 724 724 |
| **Uisce Éireann:** [24 uair] | 1850 278 278 |

# Do pháirceanna dlr

### PÁIRC NA CARRAIGE DUIBHE
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 8am go 8pm | D. Fómh. 8am go 7pm | Samh. – Ean. 8am go 4.30pm Feabh. – Márta 8am go 6pm | Aib. 8am go 8pm | Beal. – Lún. 8am go 9pm

### PÁIRC CHÁBÁN TSÍLE
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 8am go 8pm | D. Fómh. 8am go 7pm | Samh. – Ean. 8am go 5pm | Feabh. 8am go 6pm | Márta 8am go 7pm | Aib.8am go 8pm | Beal. – Lun. 8am go 10.30pm

### PÁIRC NA BHFIANNA
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

### PÁIRC & GAIRDÍNÍ CHNOC NA RAITHNÍ
**UAIREANTA OSCAILTE:** 9am - 6pm

### PÁIRC CHILL BHEAGÓIGE
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

### PÁIRC CHNOC CHILL INÍON LÉINÍN
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

### PÁIRC MHARLAÍ
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 9am go 8pm | D. Fómh. 9am go 6pm | Samh. – Ean. 9am go 5pm Feabh. – Márta 9am go 6pm | Aib. 9am go 9pm | Beal. – Lún. 9am go 10pm

### PÁIRC AN PHOBAIL
**UAIREANTA OSCAILTE:** Noll.– Márta 8am go 4.30pm Aib. – Beal. 8am go 7.30pm | Meith. – M. Fómh. 8am go 8pm | D. Fómh. – Samh. 8am go 7.30pm

### PÁIRC SHEANGÁNAÍ
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

# Faisnéis athchúrsála

### ATHCHÚRSÁIL BHAILE UÍ ÓGÁIN
Bóthar Bhaile Uí Ógáin

**TEILEAFÓN:** 01 291 3600
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Aoine 8.30am go 5.30pm, Sath. 9.30am go 5.30pm | Domh./Lá Saoire Bainc 10.30am go 5.30pm.
**DÚNTA:** Oíche Nollag – Lá Fhéile Stiofáin, Lá Caille, Domhnach Cásca.

### ATHCHÚRSÁIL PHÁIRC ÉIDIN
Bóthar Chnoc an tSamhraidh, Glas Tuathail

**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 8.30am go 4pm Aoine – Sath. 8.30am go 3.30pm.
**DÚNTA:** Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

### IONAD ATHCHÚRSÁLA SHEANGÁNAÍ
Carrchlós na Reilige, Seanchill

**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 8.30am go 4pm Aoine – Sath. 8.30am go 3.30pm.
**DÚNTA:** Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

# Do leabharlanna dlr

**Téigh chuig leabharlanna ár suíomhanna gréasáin dlrcoco.ie chun an t-eolas is déanaí a fháil le linn shrianta COVID-19**

### dlr LEXICON
Ardán Haigh, Dún Laoghaire
**TEIL:** 01 280 1147
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 9.30am – 8pm Aoine go Sath. 9.30am – 5pm | Domh. 12pm– 4pm

### AN CHARRAIG DHUBH
Halla Baile na Carraige Duibhe, An tSráid Mhór
**TEIL:** 01 288 8117
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine & Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt & Déar. 1.15pm – 8pm

### CÁBÁN TSÍLE*
Seanbhóthar Bhré, Cábán tSíle
**TEIL:** 01 285 5363
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine* & Sath.* 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt & Déar. 2pm – 8pm

### DEILGINIS
Sráid an Chaisleáin, Deilginis
**TEIL:** 01 285 5317
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine & Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt & Déar. 1.15pm – 8pm

### GRÁINSEACH AN DÉIN
Céide Chluain Caoin, Gráinseach an Déin
**TEIL:** 01 285 0860
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan 10am – 5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm | Aoine & Sath. 10am – 5pm.
Féinseirbhís *My Open Library* 8am-10pm, 7 lá na seachtaine, deirí seachtaine saoire bainc san áireamh.

### DÚN DROMA
Bóthar Bhaile an Teampaill Uachtarach, Dún Droma
**TEIL:** 01 298 5000
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Aoine & Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm

### SEANCHILL*
Bóthar na Leabharlainne, Seanchill
**TEIL:** 01 282 3081
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine* & Sath.* 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt & Déar. 2pm – 8pm

### STIGH LORGAN
Páirc Lorcáin, Stigh Lorgan
**TEIL:** 01 288 9655
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan 10am – 5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm | Aoine & Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm

* Leabharlanna a bhfuil *réiltín* leo, bíonn siad ar oscailt ar an Aoine nó ar an Satharn – déan teagmháil leo chun tuilleadh sonraí a fháil.

- Ar dheirí seachtaine Saoire Bainc, bíonn gach leabharlann dúnta ar an Satharn, an Domhnach agus an Luan, ach bíonn leabharlann Ghráinseach an Déin ar oscailt sa mhodh *My Open Library*.




# Buiséad Do Chomhairle 2021

**Gealladh i mBuiséad Bliantúil 2021 go n-infheisteofar €211 milliún i soláthar seirbhísí le haghaidh an Chontae an bhliain seo chugainn. Is méadú de bheagnach €19 milliún é seo i gcomparáid le 2020 agus is ionann é agus thart ar €969 a chaitheamh in aghaidh an duine sa chontae.**

Bhí an bhliain seo an-aisteach dúinn ar fad sa chontae. Chuamar i ngleic le COVID-19 le chéile, fiú nuair a ghoill sé go mór orainn ar fad go fisiciúil agus ó thaobh mothúchán agus airgid de.

Rinne ár gceantar áitiúil a sheacht ndícheall in aghaidh na hanachaine mar gheall ar theacht aniar pearsanta agus pobail agus ar spriorad na hoibre deonaí. D'oibrigh do Chomhairle Contae go crua agus bhí sí nuálach chun an leibhéal agus an caighdeán is airde soláthar seirbhíse a choinneáil in 2020. Tá sí tiomanta do na seirbhísí poiblí ardchaighdeáin agus inrochtana is fearr a chur ar fáil i ngach réimse de sholáthar seirbhíse i rith 2021.

Chuige sin, ghlac na Comhairleoirí tofa le Buiséad Bliantúil spreagtha don bhliain 2021 a bhfuil luach de bhreis agus €211 milliún air.

Cuirtear ar fáil sa Bhuiséad bliantúil ioncaim maoiniú le haghaidh réimse leathan seirbhísí, lena n-áirítear cothabháil rotharbhealaí agus cosán, soilsiú sráide atá tíosach ar fhuinneamh, ár bhfearann páirce a fheabhsú, saoráidí spóirt agus pobail, an bhithéagsúlacht agus tionscnaimh oidhreachta a fhorbairt agus deontais a chur ar fáil do ghnólachtaí áitiúla. Tá foráil sa bhuiséad freisin do chothabháil agus do dheisiú shócmhainní na Comhairle, lena n-áirítear tithe, foirgnimh chorparáideacha, páirceanna agus Cuan Dhún Laoghaire.

Cuireann an Chomhairle níos mó ná 700 seirbhís dhifriúil ar fáil d'áitritheoirí, do ghnólachtaí agus do chuairteoirí sa chontae. Agus Buiséad Bliantúil dlr á chur le chéile, ní mór dúinn smaoineamh ar chuspóirí corparáideacha dlr a bhaint amach agus cothromaíocht a fháil idir riachtanais éagsúla gach duine sa cheantar, in éineacht lenár gcuid oibleagáidí reachtúla. Is próiseas domhain é seo, ina bhfuil go leor míonna breithniúcháin i gceist mar gheall ar líon na limistéar seirbhíse a bhfuil an Chomhairle páirteach iontu.

Bhí tionchar díreach agus an-díobhálach ar theacht chun cinn COVID-19 ar airgeadas na Comhairle ní ba luaithe i mbliana agus tháinig laghdú mór ar roinnt sruthanna ioncaim agus méadú mór ar chaiteachas a bhain le COVID-19 dá bharr sin.

Tá ar an gComhairle glacadh le buiséad comhardaithe gach bliain. Dá mba rud é nach ndéanfaí athrú ar an gCáin Mhaoine Áitiúil ó bhlianta eile, bheadh gá le réimse leathan ciorruithe móra a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí in 2021, mar thoradh díreach ar COVID-19.

Bhuail an Chomhairle le chéile i mí Mheán Fómhair le plé a dhéanamh ar ráta bunúsach na Cánach Maoine Áitiúla a athrú. Laghdaíodh faoi 15% i mblianta eile é. Ós rud é nach ndearnadh cinneadh maidir leis an ráta bunúsach do 2021 a athrú, chuaigh sé ar ais go dtí an ráta bunúsach trí mhainneachtain. De bharr go ndeachaigh an Cháin Mhaoine Áitiúil ar ais go dtí an ráta bunúsach, cuirfear €7.8 milliún d'ioncam breise ar fáil don Chomhairle in 2021.

Agus an maoiniú breise seo á fháil, ní hamháin go mbeifear in ann an leibhéal céanna seirbhísí a choinneáil in 2021, ach tá roinnt tionscnaimh nua sa bhuiséad freisin, lena n-áirítear boscaí bruscair agus binsí breise a chur ar fáil, oibreacha maidir le rochtain ar an trá, dréimirí nua agus rochtain níos fearr ag Cladach an Daichead Troigh, tacaíochtaí breise do ghnólachtaí, níos mó crann a chur agus cothabháil a dhéanamh orthu, campaí samhraidh le haghaidh páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta, clár oiliúna rothaíochta do dhaoine faoi mhíchumas, rotharbhealaí a ghlanadh, deontais do sheandaoine le haghaidh glais ardslándála a fháil agus deontais do chumainn áitritheoirí le haghaidh plandaithe, binsí agus áiteanna a dhéanamh fiáin, agus Tionscadal Beta nua de chuid dlr. Roghnaíodh na tionscnaimh nua seo mar feabhsóidh siad caighdeán shaol na n-áitritheoirí, na ngnólachtaí agus na gcuairteoirí ar dlr ach contae níos tarraingtí agus níos bríomhaire a chruthú.

Is féidir teacht ar thuilleadh sonraí maidir le do Bhuiséad áitiúil 2021 san eagrán seo de dlr Times nó ar dlrcoco.ie

# Solas agus áthas a scaipeadh le haghaidh Nollaig 2020

Soilseofar an contae an Nollaig seo leis na mílte solas nua agus beidh loinnir dhraíochtúil ar roinnt foirgneamh. Scaipfidh 'Crann Dóchais' speisialta i bPáirc Mharlaí misneach don todhchaí agus muid ag teacht amach as dorchadas na bliana 2020.



Cuireann an tsiúlóid soilsithe foraoise i bPáirc Mharlaí go mór leis an gCrann Dóchais. Tá an chonair, atá ciliméadar ar fad agus a théann i measc na gcrann, go hiomlán inrochtana do chathaoireacha rothaí agus do bhugaithe agus is tearmann suaimhnis faoi na soilsí a bhíonn ag glioscarnach í.

Beidh Boscaí Poist Dhaidí na Nollag ag dlr LexIcon i nDún Laoghaire, Páirc Mharlaí i Ráth Fearnáin, Páirc na bhFianna i gCnoc Mhuirfean agus Páirc Chábán tSíle de réir ordú Dhaidí na Nollag. Tá boscaí poist breise do Dhaidí na Nollag againn i mbliana chun páistí a spreagadh lena gcuid litreacha a sheoladh go luath i mbliana ionas go mbeidh dóthain ama ag na síofraí bronntanais a dhéanamh.

Beidh Daidí na Nollag ardteicniúil i mbliana agus Vlag speisialta Dhaidí na Nollag á dhéanamh aige ón Mol Thuaidh gach Satharn i mí na Nollag roimh an Nollaig ar dlr Events ar Facebook. Cruthófar nasc idir páistí agus Daidí na Nollag ar bhealach nua agus pearsanta “beo” ón Mol Thuaidh mar gheall ar an vlag saor in aisce seo ar líne.

Beidh Margadh fíorúil Nollag againn i mbliana agus is deis iontach é seo an réimse leathan gnólachtaí tarraingteacha agus nuálacha sa chontae a chur os comhair an phobail. Coinnigh súil ar www.facebook.com/dlrevents i mí na Nollag. Tá siopaí áitiúla i gcroílár ár mbailte agus ár sráidbhailte, agus ní raibh sé chomh tábhachtach sin riamh tacaíocht a thabhairt do mhiondíoltóirí agus do sholáthraithe áitiúla. Fiú i dtréimhse neamhghnách, is féidir linn ar fad difríocht a dhéanamh ach fanacht go háitiúil, siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil agus cliceáil go háitiúil.

Bí linn tráthnóna Dé Luain 21 Nollaig chun Grianstad an Gheimhridh a cheiliúradh agus taitneamh a bhaint as ceolchoirm saor in aisce ina mbeidh ceol agus amhráin áille áthais, dóchais agus solais le cloisteáil. Ba mhaith linn gach duine ar fud an chontae agus níos faide i gcéin a spreagadh le coinneal a lasadh le linn na ceolchoirme seo chun cuimhneamh ar na daoine a cailleadh in 2020, agus chun féachaint ar aghaidh ar 2021 le dóchas. Déanfar sruthú beo ar an gceolchoirm saor in aisce seo ag 8 p.m. Dé Luain 21 Nollaig ar chainéal YouTube dlr.

Ba mhaith linn Nollaig shíochánta a ghuí ar ár saoránaigh ar fad agus tá súil againn go bhfeicfimid sibh ag baint taitneamh as soilse na Nollag!




Léiríodh i suirbhé ní ba luaithe i mbliana a cuireadh amach mar fhreagairt ar COVID-19 go raibh iarracht á dhéanamh ag seachtó faoin gcéad de mhuintir na hÉireann siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil. Tá sé soiléir go dtuigeann daoine gurb é seo an t-am chun tacú le miondíoltóirí agus le soláthraithe áitiúla.

Fiú nuair atá gach siopa seachas ionaid riachtanacha díolacháin dúnta, tá gnólachtaí ag dul in oiriúint don lá atá inniu ann lena chinntiú gur féidir leat tacú le do shiopaí áitiúla go fóill.

Ceann de na hathruithe is mó le cúpla mí anuas is ea líon na n-ionad díolacháin a d'fhorbair suíomhanna gréasáin le cur ar do chumas siopadóireacht a dhéanamh ar líne. Níl aon ghá le siopadóireacht a dhéanamh leis na miondíoltóirí móra idirnáisiúnta ar líne níos mó – féach ar na siopaí atá ar fáil, b'fhéidir go mbeidh iontas ort cé na táirgeoirí agus miondíoltóirí iontacha Éireannacha a sheachadfaidh táirgí go díreach chuig do dhoras.

Cad is féidir leat a dhéanamh chun tacú le gnólachtaí áitiúla:

- Déan an tsiopadóireacht go háitiúil agus go sábháilte - d'fhan roinnt siopaí ar oscailt agus seirbhísí riachtanacha á gcur ar fáil acu
- Ceannaigh dearbháin ar líne ó mhiondíoltóirí agus ó bhialanna áitiúla a d'fhéadfaí a úsáid amach anseo
- Faigh béile le tabhairt leat ón mbialann áitiúil is fearr leat
- Má tá tú ag siopadóireacht ar líne, ceannaigh ó shiopaí áitiúla
- Fiú i dtréimhse neamhghnách, is féidir linn ar fad difríocht a dhéanamh ach fanacht go háitiúil, siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil agus cliceáil go háitiúil.

# Iris Aoisbháúil




Chuir Rannóg Pobail dlr Iris Aoisbháúil le chéile do Gheimhreadh 2020/2021. Tá eolas agus tacaíochtaí áitiúla, eolas maidir le sláinte agus folláine, gearrscéalta, filíocht, oidis, gníomhaíochtaí agus puzail an iris seo.

Is féidir cruachóipeanna den iris a fháil i do chógaslann áitiúil. Is féidir iad a fháil freisin ón Rannóg Pobail ar 01 2054893 nó ó community@dlrcoco.ie ach iad a iarraidh. Is féidir cóip bhog a íoslódáil ó dlrcoco.ie

Maoiníonn Éire Ildánach, Éire Shláintiúil agus Sláintecare an iris seo agus tacaíonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin léi.

# Straitéis Aoisbháúil dlr 2021–26


**Ceistneoir – Dáta deireanach le haghaidh freagraí – 19 Eanáir 2021**

Tá Straitéis Aoisbháúil 2021 – 2026 á cur le chéile ag dlr faoi láthair agus ba mhaith linn cloisteáil uait! Bheadh ríméad orainn dá bhféadfá ár gceistneoir a líonadh le cur in iúl dúinn cé na réimsí a théann i bhfeidhm ar do shaol i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus cad d'fhéadfaí a dhéanamh chun athruithe dearfacha a dhéanamh ar mhaithe le Seandaoine sa Chontae sna cúig bliana amach romhainn.

Líon an ceistneoir ag dlrcoco.citizenspace.com
Tá cóipeanna páipéir den cheistneoir ar fáil freisin agus is féidir leagan Gaeilge a fháil ach glaoch a chur ar Rannóg Pobail dlr 01 2054893 nó ríomhphost a chur chuig community@dlrcoco.ie.

Cuirfear na ceistneoirí ar fad isteach i gcrannchur le haghaidh dearbhán €50 One4All agus táimid ag súil le cloisteáil uait!

# TIONSCNAIMH NUA & FIGIÚIRÍ CEANNLÍNE
# Buiséad 2021



Chuir an buiséad spreagtha ar chumas na Comhairle roinnt tionscnaimh nua a mhaoiniú don bhliain seo chugainn. Tarraingítear aird ar chuid de na buaicphointí sin anseo, chomh maith le figiúirí foriomlána ceannlíne. Chun sonraí iomlána a fháil ar an mbuiséad, téigh go dtí leathanach an Airgeadais ar ár suíomh gréasáin dlrcoco.ie

**€440k**
Boscaí bruscair breise / clár um dhramhaíl a laghdú

**€25k**
Scéim um ghlais ardslándála do sheandaoine

**€200k**
Srianadh fiailí breise


**€150k**
Tionscnaimh maidir le forbairt gheilleagrach

**€100k**
Tionscadal Beta dlr


**€300k**
Cúram crann breise

**€20k**
Campaí samhraidh – páistí a bhfuil riachtanais speisialta acu

# Príomhchatagóirí Ioncaim 2021



# Príomhchatagóirí Caiteachais 2021



# TIONSCNAIMH NUA & FIGIÚIRÍ CEANNLÍNE Buiséad 2021




**€50k**
Obair feabhsúcháin ar rochtain ar an trá

**€150k**
Leithris phoiblí bhreise (lena n-áirítear leithris Áiteanna Feistis)

**€20k**
Rothair atá oiriúnaithe do chathaoireacha rothaí

**€40k**
Cur leis an scéim maidir le luasteorainn 30km/u a chur i bhfeidhm ar shráideanna

30 km/u

**€12k**
Scairdeáin uisce gan tadhall le saoráidí do mhadraí

**€70k**
Scuabadh raonta rothar

**€70k**
Deontais ó chumainn áitritheoirí - plandú/binsí/áiteanna a dhéanamh fiáin

**€25k**
Oiliúint rothaíochta do dhaoine faoi mhíchumas



# Buann Bealach Soghluaisteachta Cósta dlr
## Gradam Innealtóirí nahÉireann

Bhuaigh Bealach Soghluaisteachta Cósta dlr gradam i gcatagóir an Infreastruchtúir agus na bhFoirgneamh i Sraith Dhigiteach 2020 um Barr Feabhas san Innealtóireacht de chuid Innealtóirí na hÉireann. Is rotharbhealach dhá threo ar a bhfuil dromchlú cuimilte é an Bealach Sóghluaisteachta Cósta, atá á sholáthar ag dlr lena chomhpháirtithe tionscadail, Clonmel Enterprises agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Tá sé 3.6 ciliméadar ar fad agus tá dhá phíosa gan bhriseadh ann ó Ascaill an Bhaile Nua sa Charraig Dhubh go dtí Droichead Ché an Ghuail, agus ó Bhóthar na Banríona go dtí Cladach na Daichead Troigh i gCuas an Ghainimh. Téann stráice 0.9km eile trí shráideanna ciúine, agus tá an bealach thart ar 4.5km ar fad ina iomláine.

Cuireadh an tionscadal ar fáil laistigh de thréimhse níos lú ná ocht seachtaine, agus athchumraíodh ann an réimse poiblí chun freagairt do rioscaí COVID-19. Cruthaíodh saoráidí siúlóide agus rothaíochta níos sábháilte agus níos fearr mar gheall ar an tionscadal, ach feabhsaíodh an spás poiblí chun áiteanna sábháilte agus tarraingteacha a chur ar fáil freisin.

Dúirt Stiúrthóir Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin um Infreastruchtúr agus Athrú Aeráide, Robert Burns, *"Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'fheabhas agus do dhinimiceas innealtóirí, fhoireann agus chonraitheoirí dlr a chuidigh leis an tionscadal soghluaisteachta gníomhach seo, ina bhfuil an tsábháilteacht criticiúil, a sholáthar ar ardchaighdeán agus laistigh de thréimhse chomh gairid sin."*

**DLR PPN**
**Dún Laoghaire-Rathdown Public Participation Network**

# Suirbhé ar Fholláine an Phobail

In Aibreán 2020, chuaigh Líonra Rannpháirtíochta Pobail dlr i dteagmháil le roinnt grúpaí dár gcuid chun blaiseadh a fháil den mhéid a bhí ar siúl ar an talamh maidir le COVID-19 agus conas a bhí an pobal ag freagairt dó. Tá neamhchinnteacht fós ann faoi láthair agus tá ceistneoir á scaipeadh againn chun na nithe seo a leanas a fháil amach: conas atá do phobal nó do ghrúpa ag déileáil le cúrsaí agus ag feidhmiú sa timpeallacht reatha, cé na riachtanais a d'aithin tú, smaointe agus tionscadail a thacódh le do phobal agus riachtanais mhaoinithe.

Cuirfear gach grúpa a líonfaidh an suirbhé i gcrannchur le haghaidh €100 go huathoibríoch. Is féidir teacht ar an suirbhé ar ár suíomh gréasáin ag www.dlrppn.ie/community-wellbeing-survey/ nó déan teagmháil le Simone Sav, Bainisteoir Líonra ag simone@dlrppn.ie nó 087 455 7945.



## próifíl foirne dlr



**Vanessa O'Donnell**
OIFIG CEANTAIR DHÚN DROMA

**Céard a dhéanann tú?**

Is mise an tOifigeach Sinsearach Foirne agus táim freagrach as bainistíocht Oifig Ceantair Áitiúil Dhún Droma atá i gcroílár Shráidbhaile Dhún Droma le 25 bliain anuas. Oibrím le foireann iontach agus cuirimid réimse seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear Clár na dToghthóirí a chur le chéile do thoghcheantar DLR ina bhfuil breis agus 166,000 toghthóir. Óstálaimid freisin cruinnithe de chuid Choiste Ceantair Dhún Droma agus cruinnithe Toscaireachtaí (roimh COVID) agus éascaímid príomhsheirbhísí eile, amhail iarratais phleanála a chur isteach, cíosanna tithíochta agus rátaí tráchtála a íoc, tionscadail innealtóireachta a thaispeáint lena n-áirítear scéimeanna um bóithre nua, CPOanna agus iniúchadh ar cheadúnais le haghaidh imeachtaí Cultúrtha. Is ionad ilfhreastail í Oifig Dhún Droma i dtaca le go leor seirbhísí de chuid na Comhairle agus ní bhíonn ar chustaiméirí dul go dtí Halla an Chontae mar gheall uirthi.

**Céard é gnáthlá oibre duit?**

Bíonn gach lá difriúil nuair a bhíonn tú ag obair in oifig phoiblí, go háirithe le linn tréimhse dhúshlánach cosúil leis an lá atá inniu ann nuair atá srianta COVID i bhfeidhm. Tagann gnólachtaí poiblí agus áitiúla go dtí ár n-oifig agus ceisteanna éagsúla acu. Tacaímid leo go díreach nó trí dhul i gcomhairle le Ranna eile thar a gceann.

**Cad é an chuid is deacra de do phost?**

Tá sé dúshlánach faoi láthair mar ní féidir linn teagmháil a dhéanamh lenár gcustaiméirí aghaidh ar aghaidh, agus bheadh go leor d'ainmneacha na ndaoine seo ar eolas againn. Is féidir leo teagmháil a dhéanamh linn ar an bhfón nó ar ríomhphost, áfach, agus táimid fós ag cabhrú leis an bpobal maidir leis na seirbhísí atá ag teastáil uathu. Bíonn an oifig thar a bheith gnóthach agus muid ag druidim le toghchán. Bíonn orainn dul i ngleic le ceisteanna agus riachtanais spriocdháta do Thoghchán a bhaint amach. Oibríonn an fhoireann dhíograiseach in Oifig Dhún Droma ó dhubh go dubh chun gach duine a chur ar an bhForlíonadh do Chlár na dToghthóirí ionas go mbeidh siad in ann vóta a chaitheamh i dToghcháin atá le teacht.

**Cad é an chuid is fiúntaí de do phost?**

Bainimid an-sásamh as an réimse oibre a dhéanaimid agus as ár gcaidreamh laethúil leis an bpobal mar tuigimid go mbíonn tionchar dearfach againn ar shaol daoine. Is iontach an sásamh é freisin nuair a thagann duine isteach san oifig, atá díreach tar éis 18 mbliana d'aois a bhaint amach, ag iarraidh orainn é nó í a chur ar an gClár. Is iontach an rud é daoine óga a fheiceáil agus fonn orthu vóta a chaitheamh. Ná déan dearmad dul chuig www.voter.ie le seiceáil go bhfuil tú cláraithe chun vóta a chaitheamh

# NUASHONRÚ - Dréachtphlean Forbartha an Chontae

Tar éis thréimhse chomhairliúcháin an dréachtphlean a reáchtáladh go luath in 2020, cuireadh Dréachtphlean Forbartha an Chontae 2022 – 2028 de chuid an Phríomhfheidhmeannaigh le chéile agus aighneachtaí a fuarthas ón phobal, beartas náisiúnta agus treoracha a thug na comhairleoirí á gcur san áireamh.

Scaipeadh Dréachtphlean an Phríomhfheidhmeannaigh, ina leagtar amach an Fhís maidir le forbairt an Chontae sna sé bliana idir 2022 - 2028, i measc na 40 Comhairleoir dlr ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair.

Chuir foireann an phlean forbartha an plean faoi bhráid na gcomhairleoirí ag sraith cruinnithe Comhairle a bhí ar siúl i mí na Samhna agus leasóidh na Comhairleoirí Dréachtphlean Forbartha an Chontae 2022 – 2028 agus cuirfidh siad le chéile é i rith mhí na Nollag.

Tá sé beartaithe go gcuirfear an Dréachtphlean seo ar taispeáint go luath in 2021 nuair a bheidh deis ag an bpobal aighneacht a chur isteach.

Beidh tuilleadh eolais againn maidir leis an bpróiseas seo in eagrán speisialta de dlr Times faoi Phlean Forbartha an Chontae i mí Eanáir 2021.



Radharc ón aer ar Pháirc na Meala - Grianghraf le Tomasz Juszczak

# Glantachán AE do **Shruthán Charraig Mhaighin**

Tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag obair i gcomhar le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas i dTionscadal LIFE Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath atá á mhaoiniú ag an AE. Rachfar i ngleic sa Tionscadal seo le truailliú aibhneacha i gceantair Charraig Mhaighin agus Leamhcáin faoi seach.

Maidir le dlr, díreofar sa tionscadal ar Shruthán Charraig Mhaighin (a théann trí Pháirc Chábán tSíle) agus ar Shruthán Bhaile Uí Ógáin go príomha, dá shruthán a théann isteach i Sruthán Charraig Mhaighin i mBaile Uí Lachnáin.

Tá ionadaíocht á déanamh ag Paul Buggy, Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin, do dlr. *"Chuir sé iontas ar go leor daoine go dtagann an t-uisce liath a fheictear i srutháin áitiúla díreach ó thithe agus ó árasáin in aice láimhe agus nach dtagann sé as monarcha. Nuair a bhíonn athchóirithe tí ar siúl, is minic a nasctar píobáin nua i miasniteoirí, cithfholcadáin, meaisíní níocháin nó doirtil leis an bpíobán báistí ar dhíon tí trí thimpiste (píobán a théann go dtí an abhainn áitiúil). D'fhéadfadh na mícheangail seo a bheith ina gcúis le truailliú tromchúiseach in aibhneacha áitiúla."*

I gcéim thosaigh deisce an Tionscadail, úsáidfear ríomhtheicneolaíocht nua mhapála chun tithe a aimsiú sa cheantar a ndearnadh athchóiriú orthu. Ina dhiaidh sin, caithfear an obair sheanaimseartha a bhaineann le suirbhéanna baile a dhéanamh. San iomlán, beifear in ann 12,000 suirbhé dá leithéid a dhéanamh mar gheall ar mhaoiniú an tionscadail - agus beidh 5000 acu in dlr. Bíonn idir 6% agus 8% de mhaoine mícheangailte i gceantair uirbeacha, agus táthar ag súil mar sin go mbainfear truailliú ó thart ar 800 teach de na srutháin. Beidh tionchar ollmhór aige seo ar chaighdeán an uisce sna srutháin.

Dúirt Buggy freisin, *"Is sa chéim deisce atáimid anois. Táimid ag súil go dtosóimid leis na suirbhéanna i mí Eanáir. Déanfar na suirbhéanna i gceantar Charraig Mhaighin, Chábán tSíle agus Charraig an tSionnaigh ar dtús. Déanfaimid teagmháil le háitritheoirí áitiúla chun an próiseas a mhíniú i bhfad roimh na suirbhéanna."* Chun tuilleadh eolais a fháil: ríomhphost dublinriverlife.ie: durl@sdublincoco.ie nó Teileafón: 01 4149000.



An Loch i bPáirc Chábán tSíle in aice le Sruthán Chábán tSíle

# **sáraíonn dlr** spriocanna maidir le carbón a laghdú

D'fheabhsaigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a feidhmíocht fuinnimh faoi 37.2% bunaithe ar 2019, i comparáid leis an mbliain bhonnlíne 2009. Ciallaíonn sé seo gur bhain dlr sprioc 2020 na hearnála poiblí de 33% d'éifeachtúlacht fuinnimh amach go luath, mar a tuairiscíodh i gCóras Monatóireachta & Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.




LED décheannach le WI-FI

Maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, bhain dlr a sprioc laghdaithe de 40% amach don bhliain 2030 freisin. I gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne, tháinig laghdú 40.5% ar astaíochtaí $CO_2$ dlr go dtí 8,800 tona faoi dheireadh 2019, agus tháinig sé seo 11 bhliain roimh sprioc 2030 de 40%. Is ionann é seo agus laghdú iomlán de 6,000 tona $CO_2$ ó 2009.

Bhí dlr ar an gcéad údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath chun comhlíonadh iomlán le caighdeán idirnáisiúnta ISO 50001:2018 Córas Bainistíochta Fuinnimh a bhaint amach.

In 2019, b'ionann Soilsiú Poiblí agus 55% de phríomhídiú fuinnimh dlr. Tá soilsiú poiblí LED á chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach ar fud an Chontae, agus uasghrádaíodh 62% de shoilse go dtí seo agus athraíodh 14,577 solas as 23,510 ina soilse LED.

# Turais Ionchuimsitheacha ar Líne do Dhaoine a bhFuil Néaltrú orthu do Gheimhreadh 2020



'Night Ferry' le Linda Uhlemann, cuid de Bhailiúchán Contae dlr

An bhfuil néaltrú ort nó ar mhaith leat triail a bhaint as rud éigin difriúil le do dhuine muinteartha a bhfuil néaltrú air nó uirthi? Cén fáth nach dtagann tú chun súil a chaitheamh ar ár dtaispeántais sa Dánlann faoi láthair? Tá Julie, Claire agus Orla tar éis na turais a chur in oiriúint d'eispéireas ar líne agus táimid ag súil go mbainfidh tú taitneamh as.

Déan iniúchadh agus plé ar rogha saothar ealaíne ó Bhailiúchán an Chontae sna turais ar líne seo a cruthaíodh go speisialta agus is féidir leat páirt a ghlacadh iontu go héasca ar fhón póca, ar tháibléad nó ar ríomhaire.

Beidh am agat freisin taitneamh a bhaint as cupán tae le gach duine ag deireadh an turais i gcompord do thí féin. Táimid ag súil le gach duine a fheiceáil ar ais i nDánlann Bhardasach dlr a luaithe is féidir.

Tá na turais seo saor in aisce, tá Comhpháirtíocht Ealaíon agus Sláinte FSS/Chomhairle Contae dlr á maoiniú agus tá tacaíocht á fáil acu ó líonra Azure. Chun turas a chur in áirithe, glaoigh ar Mháire or ar Pia ar (01) 236 2759 nó seol ríomhphost chuig artbookings@dlrcoco.ie




# Cuairt agus Cultúr

Tá ríméad orainn rogha iontach gníomhaíochtaí cultúrtha ar líne a chur ar fáil do gach timpeallacht cúraim sa Chontae le haghaidh Gheimhreadh 2020. Tá gníomhaíochtaí taitneamhacha ann do gach duine, amhail damhsa, seanchas, amhránaíocht agus ceardlanna ealaíne! Tá na ceardlanna ar fáil ar líne agus saor in aisce do Thithe Altranais ó mhí na Samhna 2020 go dtí mí Feabhra 2021.

Is clár cultúrtha é Cuairt agus Cultúr atá á reáchtáil ag leabharlann dlr agus Oifig na nEalaíon i Suíomhanna Cúraim Chónaithe do Sheandaoine sa Chontae.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar conas is féidir páirt a ghlacadh agus chun eolas maidir le háirithintí a fháil, seol ríomhphost chuig cagusc@dlrcoco.ie nó glaoigh ar Oifig na nEalaíon (01) 2362759 nó ar Leabharlanna (01) 2362700

Is é Éire Ildánach a dhéanann maoiniú flaithiúil ar Chuairt agus Cultúr agus tacaíonn dlr leis.


# Fógraíodh **Sara Keating** ina Scríbhneoir nua Cónaithe




An Cathaoirleach An Clr Úna Power agus Sara Keating

Tá an-áthas ar dlr a fhógairt gurb í Sara Keating an scríbhneoir nua cónaithe atá bunaithe i LexIcon dlr. Is scríbhneoir agus iriseoir cultúrtha as Baile Átha Cliath í Sara Keating. Foilsíodh saothar dá cuid in The Irish Times, The Business Post agus scríobh sí do chláir éagsúla ealaíon ar RTÉ Radio One. Chaith sé na deich mbliana roimhe seo ag déanamh taighde agus ag scríobh a céad leabhair 'Fall and Recover' faoin damhsóir Lucia Joyce, duine ar gearradh go leor dá scéal amach as startha oifigiúla. Le linn a cónaitheachta, beidh Sara ag obair ar 'Fall and Recover' a chur i gcrích. Téitear i ngleic sa leabhar le saincheisteanna a bhaineann le stair an fheimineachais, máithreachas, meabhairshláinte, agus tá díospóireacht ann faoi ealaín ar an gcanbhás atá i gcorp mná óige. Bí ag faire amach d'agallaimh le húdair faoi áiteanna sa Chontae le linn a cónaitheachta freisin. Chun tuilleadh eolais a fháil téigh go dtí www.dlrcoco.ie/en/arts/artist-residencies/writer-residence

# Ceolchoirm na Soilse de chuid dlr



Bí linn tráthnóna Dé Luain 21 Nollaig chun Grianstad an Gheimhridh a cheiliúradh agus taitneamh a bhaint as ceolchoirm saor in aisce ina mbeidh ceol agus amhráin áille áthais, dóchais agus solais le cloisteáil.

Titeann Grianstad an Gheimhridh ar an lá is giorra sa bhliain agus ceapann go leor daoine gur cor cinniúnach é, tréimhse chun machnamh a dhéanamh ach chun féachaint ar aghaidh freisin. Is é an dordveidhleadóir Gerald Peregrine a bheidh ag treorú an ensemble ceoil. Thuill Gerald gairm dó féin mar aonréadaí agus mar cheoltóir aireagail agus ceolfhoirneach in Éirinn agus ar fud na hEorpa. Beidh an clár 50 nóiméad ar fad agus beidh ceol clasaiceach, ceoldrámata agus na hamhráin Nollag is fearr le daoine le cloisteáil ann. Ba mhaith linn gach duine in dlr agus níos faide i gcéin a spreagadh le coinneal a lasadh le linn na ceolchoirme seo chun cuimhneamh ar na daoine a cailleadh in 2020, agus chun féachaint ar aghaidh ar 2021 le dóchas.

Déanfar sruthú beo ar an gceolchoirm saor in aisce seo ag 8 p.m. Dé Luain 21 Nollaig ar chainéal YouTube dlr. Tá Clár Éire Ildánach ag tacú leis an gceolchoirm seo.

# Leabharlanna dlr:
## Bealaí Nua chun Seirbhís a Chur ar Fáil

Ós rud é go raibh orainn ar fad teacht isteach ar a bheith ag maireachtáil le COVID-19, bhí ar Leabharlanna dlr ár seirbhísí a oiriúnú. Ag brath ar an Leibhéal ag a bhfuilimid i bPlean an Rialtais maidir le Maireachtáil le COVID-19, fanfaidh nó ní fhanfaidh ár spásanna leabharlainne ar oscailt. Ach ní chiallaíonn sé seo nach féidir leat leabhair a fháil.

- Leibhéil 1-2: Spásanna leabharlainne ar oscailt go hiomlán. Gach seirbhísí ar fáil mar is gnách.
- Leibhéal 3: Is féidir dul isteach sna leabharlanna chun féachaint ar leabhair, don tSeirbhís Teagmhála agus Bailithe agus chun rudaí a phriontáil/a fhótachóipeáil. Ní bheidh suíocháin, brabhsáil ar an Idirlíon, spásanna staidéir nó imeachtaí beo ar fáil. Leabhair a cuireadh in áirithe agus gach seirbhís ar líne fós ag feidhmiú.
- Leibhéil 4 & 5: Spásanna leabharlainne dúnta. Seirbhís fágála leabhar ar siúl (i ngach leibhéal). Seirbhísí ar líne ar fáil.

# Seirbhís **Fágála Leabhar**




Beidh ár Seirbhís Fágála Leabhar fós ag feidhmiú i Leibhéil 1-5.

Tá ár Seirbhís Fágála Leabhar fós á cur ar fáil againn do dhaoine níos sine sa phobal agus do dhaoine leochaileacha nach féidir leo cuairt a thabhairt ar an leabharlann iad féin. Bí i dteagmháil linn maidir leis na cineálacha leabhar/CDanna/DVDanna is maith leat a léamh/éisteacht leo/féachaint orthu agus tabharfaidh duine dár dtiománaithe deonacha rogha díobh chuig do dhoras. Tá an tseirbhís seo á reáchtáil ó dlr LexIcon faoi láthair. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le conas leas a bhaint as an tseirbhís seo, déan teagmháil le líne chabhrach Ghlaoch an Phobail de chuid dlr ar shaorghlao 1800 804535, 01 2723199 nó ar ríomhphost covidsupport@dlrcoco.ie. De rogha air sin, is féidir leat glaoch a chur ar fhoireann LexIcon ar 01 2801147 nó ríomhphost a chur chuig dlrlexiconlib@dlrcoco.ie

# Déanann do Chomhairleoirí dlr ionadaíocht ortsa

## DÚN DROMA

AN CLR **SHAY BRENNAN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 829 0570
**RÍOMHPHOST:** sbrennan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **ANNE COLGAN** NSP
30 Plásóg na Fuinseoige, Bóthar Bhaile an tSaoir
**FÓN PÓCA:** 087 245 4202
**RÍOMHPHOST:** acolgan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DANIEL DUNNE** CG
126 Páirc na Cluana, Baile an Teampaill
**FÓN PÓCA:** 087 115 4468
**RÍOMHPHOST:** ddunne@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **ANNA GRAINGER** FG
18 An Tobar Naofa, Bóthar Chill Mochuda Uachtarach
**FÓN PÓCA:** 087 282 5511
**RÍOMHPHOST:** agrainger@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **SEAN McLOUGHLIN** NSP
49A Céide an Átha Leathain, Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath 16
**FÓN PÓCA:** 087 741 1638
**RÍOMHPHOST:** smcloughlin@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **PETER O'BRIEN** LO
23 Plásóga Cluain Ard, Bóthar Áth an Ghainimh
**FÓN PÓCA:** 086 461 1638
**RÍOMHPHOST:** pobrien@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **JIM O'LEARY** FG
48 Gleann na Páirce, Bóthar Áth an Ghainimh, Dún Droma
**FÓN PÓCA:** 086 818 6732
**RÍOMHPHOST:** joleary@cllr.dlrcoco.ie

## STIGH LORGAN

AN CLR **DEIRDRE DONNELLY** NSP
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 461 1625
**RÍOMHPHOST:** ddonnelly@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **EVA ELIZABETH DOWLING** CG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 083 149 6045
**RÍOMHPHOST:** edowling@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **JOHN KENNEDY** FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 772 0794
**RÍOMHPHOST:** jkennedy@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MAEVE O'CONNELL** FG
79 Céide Shliabh Rua, Cill Mochuda, Co. Bhaile Átha Cliath
**FÓN PÓCA:** 086-8516936
**RÍOMHPHOST:** moconnell@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **BARRY SAUL** FG
3 Bóthar Mather Thuaidh, Cnoc Mhuirfean
**FÓN PÓCA:** 086 781 4517
**RÍOMHPHOST:** bsaul@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DÓNAL SMITH** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 193 6483
**RÍOMHPHOST:** dsmith@cllr.dlrcoco.ie

## AN CHARRAIG DHUBH

AN CLR **MARIE BAKER** FG
38 Plásóg Avondale, An Charraig Dhubh
**FÓN PÓCA:** 086 818 6704
**RÍOMHPHOST:** mbaker@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **KATE FEENEY** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 461 1627
**RÍOMHPHOST:** kfeeney@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MARY HANAFIN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 085 120 2121
**RÍOMHPHOST:** mhanafin@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MAURICE DOCKRELL** FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**RÍOMHPHOST:** mdockrell@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **SÉAFRA Ó FAOLÁIN** CG
AN LEAS CHATHAOIRLEACH
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 908 1058
**RÍOMHPHOST:** sofaolain@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MARTHA FANNING** LO
23 Bóthar an Chlochair, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 0872041559
**RÍOMHPHOST:** mfanning@cllr.dlrcoco.ie




## DÚN LAOGHAIRE

AN CLR **MARY FAYNE** FG
Cúl Méine, Bóthar Chuas an Ghainimh, Cuas an Ghainimh, Co. Bhaile Átha Cliath
**FÓN PÓCA:** 086 461 1626
**RÍOMHPHOST:** mfayne@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **LORRAINE HALL** FG
71 Ascaill Roseland, Cualanor, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 790 5555
**RÍOMHPHOST:** lhall@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **TOM KIVLEHAN** CG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 373 2518
**RÍOMHPHOST:** tkivlehan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MELISA HALPIN** PRB
f/ch 13 Sráid Sheoirse Íochtarach, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 380 5793
**RÍOMHPHOST:** mhalpin@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **JUSTIN MOYLAN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 313 8815
**RÍOMHPHOST:** jmoylan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **JULIET O'CONNELL** LO
59 Sráid Sheoirse Uachtarach., Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 270 7745
**RÍOMHPHOST:** joconnell@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DAVE QUINN** DS
20 Ardán an Longfoirt Baile na Manach
**FÓN PÓCA:** 087 247 3448
**RÍOMHPHOST:** dquinn@cllr.dlrcoco.ie

## CILL INÍON LÉINÍN-SEANCHILL

AN CLR **MICHAEL CLARK** FF
Oifig Fhianna Fáil, f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 109 4032
**RÍOMHPHOST:** mclark@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **JIM GILDEA** FG
Mullach na Sí, Bóthar Bhré, Seanchilll
**FÓN PÓCA:** 086 813 1456
**RÍOMHPHOST:** jgildea@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **HUGH LEWIS** PRB
179 Páirc Phlásóg na Fuinseoige, An Baile Breac
**FÓN PÓCA:** 086 781 4523
**RÍOMHPHOST:** hlewis@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **FRANK MCNAMARA** FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 104 3210
**RÍOMHPHOST:** fmcnamara@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DENIS O'CALLAGHAN** LO
49 Páirc Ráth Salach, Seanchill
**FÓN PÓCA:** 086 278 5609
**RÍOMHPHOST:** denisoc@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **UNA POWER** CG
AN CATHAOIRLEACH
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 386 1048
**RÍOMHPHOST:** unapower@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **CARRIE SMYTH** LO
Inislachan, Bóthar Ghort na Mara, Cill Iníon Léinín
**FÓN PÓCA:** 086 383 5051
**RÍOMHPHOST:** carriesmyth@cllr.dlrcoco.ie

## GLEANN CUILINN-ÁTH AN GHAINIMH

AN CLR **KAZI AHMED** FG
Cnoc na Spideoige, Bóthar Áth an Ghainimh
**FÓN PÓCA:** 086 031 3448
**RÍOMHPHOST:** kahmed@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **EMMA BLAIN** FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 715 2786
**RÍOMHPHOST:** eblain@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MICHAEL FLEMING** NSP
6 Lána na Céime, Sráidbhaile na Céime
**FÓN PÓCA:** 086 020 1665
**RÍOMHPHOST:** mfleming@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **LETTIE McCARTHY** LO
23 Arda Chill Ghobáin, An Chéim
**FÓN PÓCA:** 086 818 6718
**RÍOMHPHOST:** lmccarthy@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **LYNSEY McGOVERN** NSP
f/ch Archview Physiotherapy Clinic
49 Bóthar Raghnallach, Raghnallach
**FÓN PÓCA:** 086 461 1634
**RÍOMHPHOST:** lmcgovern@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **TOM MURPHY** FF
Tree Tops, Barr na Coille, Áth an Ghainimh
**FÓN PÓCA:** 086 781 4515
**RÍOMHPHOST:** tmurphy@cllr.dlrcoco.ie

CLR. **FOLÚNTAS** CG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire